C/2025/2611

6.5.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11830 — UNICREDIT / BANCO BPM)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/2611)

1. An 24 Aibreán 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— UniCredit S.p.A. ('UniCredit', an Iodáil),

— Banco BPM S.p.A. ('Banco BPM', an Iodáil).

Gheobhaidh UniCredit rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Banco BPM ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin tairiscint phoiblí a seoladh an 28 Aibreán 2025.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Soláthraíonn UniCredit seirbhísí miondíola, tráchtála, baincéireachta príobháidí, baincéireachta infheistíochta, bainistíochta sócmhainní agus árachais san Iodáil agus ar fud an domhain,

— Soláthraíonn Banco BPM seirbhísí miondíola, tráchtála, baincéireachta infheistíochta, bainistíochta sócmhainní agus árachais.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M. 11830 — UNICREDIT / BANCO BPM

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').